**Comhairle Ceantar na nOileán teo.**

**Tír an Fhia, Leitir Móir, Gaillimh. H91 W529**
**Fón: 091-551922/091-551761 Faics: 091-551921**
**r-phost: comhairlecnanoilean@gmail.com**

*Oifigeach Forbartha: Máirín Uí Ráinne*

# Aighneacht do Phlean Contae na Gaillimhe

## Comhairle Ceantar na nOileán Teo:

Bunaíodh Comhairle Ceantar na nOileán sa mbliain 2000, Comhlacht Faoi Theorainn Rathaíocht.

Is iad na príomhaidhmeanna atá ag an gCoiste ná:

- Riachtanais eacnamaíocha, sóisialta, agus cultúrtha an cheantair a chur chun cinn.
- Aitheantas a thabhairt do riachtanais bhunúsacha an phobail agus an caighdeán maireachtála a fheabhsú.
- Aitheantas a thabhairt ar an ngá atá le fóstaíocht, ionaid shóisialta, ionaid caitheamh aimsire, seirbhísí, cúrsaí fuinnimh in-athnuaite agus comhshaoil, oidhreachta agus bonneagar.
- Cúraimí eile maidir le caomhnú agus tionscadail phobail a fhorbairt.
- Cabhair agus comhairle a thabhairt do choistí áitiúla.
- Ag riaradh an Scéim Sóisialta Tuaithe, an Scéim Fostaíochta Pobail, Tús agus Tús Nua.

Seo a leanas na haighneachtaí atá ag Comhairle Ceantar na nOileán do Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe.

## Bonneagar agus iompar:

### Droichid Cheantar na nOileán:

**Moladh 1.** Moltar plean fadtéarmach a chur i bhfeidhm do na droichid i gCeantar na nOileán.

**Moladh 2.** Staidéar Tionchar Timpeallachta a dhéanmh ar na droichid ar fad sa gceantar ó thaobh sábháilteach.

**Moladh 3.** Moltar cosán rothaíocht agus cosán coisithe le soilse poiblí ó Dhroichead a' Daingin go dtí an crosbhóthar ag Scoil NáisiúntaThír an Fhia ó thaobh sábhailteach pobal an cheantar agus turasóirí.

**Moladh 4**. Moltar go bhfuil práinn le Plean Éigeandála a chur i bhfeidhm do Cheantar na nOileán dá mba rud é go mbeadh aon fhadhb ollmhór le aon cheann de cheithre droichid.

*Stiúrthóirí: Eilís Ní Lochnáin (Cathaoirleach) • Máirtín Breathnach (Leas Chathaoirleach) • Maidhc Ó Curraoin (Rúnaí) • Séamus Ó Ráinne (Cisteoir) • Máirtín Mac an Ríogh (Cisteoir) • Seán Ó Loingsigh • Pádraig Ó Gríofa • Pól Ó Cuinn • Micheál Ó Cearra • Tomás Ó Céidigh • Pádraig Ó Flatharta •*

**Ar Son agus ar Mhaithe le Pobal an Cheantar**

*Uimhir chláraithe 6356751M*

Comhairle Ceantar na nOileán teo.
Tír an Fhia, Leitir Móir, Gaillimh. H91 W529
Fón: 091-551922/091-551761 Faics: 091-551921
r-phost: comhairlecnanoilean@gmail.com

Oifigeach Forbartha: Máirín Uí Ráinne

**Croí-Straitéis agus Tithíocht**:

**Moladh 1.** Molann muid go mba cheart aitheantas sainiúil a thabhairt don phróiseas pleanála teanga agus do na Oifigigh atá ag feidhmiú i nGaeltachtaí na Gaillimhe, Ceantar na nOileán san áireamh, i bPlean Forbartha 2022-2028.

**Moladh 2.** Molann muid geallúint a thabhairt go rachfar i gcomhairle leis na hOifigigh agus na Ceanneagraíochtaí, a bhfuil saineolas acu sa réimse seo ag leibhéal an phobail, nuair a bheidh spriocanna agus pleananna maidir le tithíocht sa nGaeltacht á leagan amach. Tá córás éifeachtach pleanáil á éileamh ag aos óg na Gaeltachta, agus é de cheart acu tithíocht a thógáil ar thalamh a ndaoine muinteartha, áit a gcuirfidh siad le saibhris agus oidhreacht chultúrtha na háite thrí an chéad ghlúin eile a thógáil sa gceantar.

Féách thíos beart maidir leis an ábhar seo atá leagtha síos i bPlean Teanga Cheantar na nOileán.

### 6.10. Pleanáil agus Forbairt Fhisiciúil

### Beart 6.10.1. Scéim tithíochta do dhaoine ag filleadh ar an gceantar

| Réimsí: | B, I | Critéir pleanála teanga: | 11, 17, |
|---|---|---|---|
| Aidhm: | Tithíocht a bheith ar fáil dóibh siúd atá ag filleadh ar Cheantar na nOileán. | | |
| Eolas Breise: | I gcomhar leis na heagraíochtaí pobail sa cheantar, taighde a dhéanamh ar na céimeanna a bheadh riachtanach le cinntiú go mbeadh tithe ar fáil dóibh siúd atá ag teacht ar ais chuig an gceantar as tíortha eile nó as áiteanna eile ar fud na tíre. Bheadh coinníoll teanga ag baint le scéim tithíochta. | | |
| Páirtithe leasmhara: | Comhairle Ceantar na nOileán (príomhúinéir), Comhar Chuigéil , Muintearas Teo., an pobal, Comhairle Contae na Gaillimhe, ionadaithe poiblí áitiúla. | | |
| Saolré: | Bliain 1: Taighde le déanamh - comhairliúchán<br>Blain 5-7: Le deimhniú ag brath ar thorthaí an taighde | | |
| Costas measta iomlán: | Le cinntiú | | |

Stiúrthóirí: Eilís Ní Lochnáin (Cathaoirleach) • Máirtín Breathnach (Leas Chathaoirleach) • Maidhc Ó Curraoin (Rúnaí) • Séamus Ó Ráinne (Cisteoir) • Máirtín Mac an Ríogh (Cisteoir) • Seán Ó Loingsigh • Pádraig Ó Gríofa • Pól Ó Cuinn • Micheál Ó Cearra • Tomás Ó Céidigh • Pádraig Ó Flatharta •

Comhairle Ceantar na nOileán teo.
Tír an Fhia, Leitir Móir, Gaillimh. H91 W529
Fón: 091-551922/091-551761 Faics: 091-551921
r-phost: comhairlecnanoilean@gmail.com

Oifigeach Forbartha: Máirín Uí Ráinne

| | |
|---|---|
| Costas measta in aghaidh na bliana: | Le cinntiú |
| Foinse Maoinithe: | Comhairle Contae na Gaillimhe |
| Dúshláin fhéideartha agus réitigh: | Dúshláin: tacaíocht ó Chomhairle Contae na Gaillimhe, maoiniú. Réitigh: éileamh a dhéanamh, stocaireacht. |
| Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt: | Déanfaidh an Cheanneagraíocht agus Muintearas monatóireacht ar an gcur i bhfeidhm. Beidh aiseolas rialta i gceist agus taifead á choimeád ar líon na teaghlaigh a bhainfeadh úsáid as an scéim. |

**Moladh 3**. Go mbeadh córas séarachais amháin do bhailte atá daonra dlú ina gconaí ionta, mar shampla sráidbhaile Leitir Móir, An Trá Bháin agus Leitir Mealláin.

**Bóithre Cheantar na nOileán**:

**Moladh 1**. Moltar an bóthar réigiúnach R377/R336 ó Leitir Mealláin go Gaillimh a thabhairt suas go dtí an caighdeán céanna le bóithre réigiúnacha eile i gCo. na Gaillimhe. Chuideodh sé seo go mór le infheistíocht a mhealladh isteach sa gceantar agus chruthófaí jabanna.

**Moladh 2**. Moltar bealaí treasnaithe do ghasúir (*school crossings*) a bheith ag na bunscoileanna sa gceantar.

**Moladh 3**. Moltar gur n'oibródh Comhairle Contae na Gaillimhe, Údarás na Gaeltachta agus na Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta le chéile chun deileáil leis an fhadhb atá le fásach ar thaobhanna na mboithre i gCeantar na nOileán.

**Forbairt Gheilleagrach agus Forbairt na Fiontraíochta, na Turasóireachta agus an Mhiondíola**:

**Moladh 1**. Moltar níos mó tránna le stadas Brat Gorm i gCeantar na nOileán.

**Moladh 2.** Cothabháil, soilse agus uisce a bheith ar fáil ar na céibheanna agus ag na tránna sa gceantar.

**Moladh 3.** Forbairt a dhéanamh ar na siúlóidí agus lúibíní i gCeantar na nOileán.

**Moladh 4.** Moltar go mbeadh láthair athchúrsála ar fáil do phobal Dheisceart Chonamara a bheadh lárnach, an láthair athchúrsála a bheith lonnaithe, mar shampla, i nDoire an Fhé, An Cheathrú Rua nó an Tuladh.

Stiúrthóirí: Eilís Ní Lochnáin (Cathaoirleach) • Máirtín Breathnach (Leas Chathaoirleach) • Maidhc Ó Curraoin (Rúnaí) • Séamus Ó Ráinne (Cisteoir) • Máirtín Mac an Ríogh (Cisteoir) • Seán Ó Loingsigh • Pádraig Ó Gríofa • Pól Ó Cuinn • Micheál Ó Cearra • Tomás Ó Céidigh • Pádraig Ó Flatharta •

Ar Son agus ar Mhaithe le Pobal an Cheantar

Uimhir chláraithe 6356751M

**Comhairle Ceantar na nOileán teo.**

*Tír an Fhia, Leitir Móir, Gaillimh. H91 W529*
*Fón: 091-551922/091-551761 Faics: 091-551921*
*r-phost: comhairlecnanoilean@gmail.com*

*Oifigeach Forbartha: Máirín Uí Ráinne*

**Cúrsaí Comhshaoil, Fuinneamh In-athnuaite agus Cumarsáid**:

**Moladh 1**. Tá Comhairle Ceantar na nOileán ag cur **clár fuinnimh glan in-athnuaite i bhfeidhm inár gceantar**. Tá an polasaí seo bunaithe ar threoracha ón Eoraip maidir le pobail na hOileáin atá amach ón gcósta (*An EU Policy for Clean Energy for Island Communities*). Molann muid go gcuirfeadh Comhairle Contae na Gaillimhe an polasaí seo i bhfeidhm.

**Moladh 2**. Ní thugann plean forbartha an chontae aitheantas do Cheantar na nOileán do thograí theicneolaíochta in-athnuaite, mar gheall ar an áileacht speisialta atá ag baint leis an áit. Ba chóir go ndéanfaí measnú ar thograí in-athuaite (trí **Scéim RESS/Scéimeanna Pobail**) ar bhonn aonarach sna ceantair áirithe, mar shampla teicneolaíochtaí tonnta ar an talamh agus amach ón gcósta, tuirbíní mara faoi uisce agus tionscadail gréine PV.

**Moladh 3**. Faoi phlean Gníomhaíochta Aeráide an Rialtais 2019 (CBT) is mian le Comhairle Ceantar na nOileán líonra micrea-ghiniúna (*micro-generating*) a ghlacadh laistigh d'oileáin Cheantar na nOileán ag úsáid foinsí in-athnuaite.

**Moladh 4**. Moltar go leanfaí an Córas Náisiúnta Leathanbhanda do phobal Cheantar na nOileán ó Bhéal a' Daingin chomh fada le Leitir Mealláin.

*Stiúrthóirí: Eilís Ní Lochnáin (Cathaoirleach) • Máirtín Breathnach (Leas Chathaoirleach) • Maidhc Ó Curraoin (Rúnaí) • Séamus Ó Ráinne (Cisteoir) • Máirtín Mac an Ríogh (Cisteoir) • Seán Ó Loingsigh • Pádraig Ó Gríofa • Pól Ó Cuinn • Micheál Ó Cearra • Tomás Ó Céidigh • Pádraig Ó Flatharta •*

***Ar Son agus ar Mhaithe le Pobal an Cheantar***

*Uimhir chláraithe 6356751M*